



COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL



**RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL
CHOMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
INIÚCHTA**

**Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig
2023**

1. Réamhrá

Cuirtear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain 2023 i láthair leis seo san fhormaid fhorordaithe agus de réir treoirlínte rannacha. Áirítear leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais/an Cuntas Ioncaim roimhe seo) agus an Ráiteas faoin Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe roimhe seo), mar aon le nótaí agus aguisíní lena dtacaítear leis an dá ráiteas. Soláthraítear sna nótaí, sna hagusíní agus sna beartais chuntasaíochta a ghabhann leis seo anailís agus míniú níos mine ar na figiúirí atá ar áireamh sna cuntais. Achoimreofar sa tuarascáil seo na príomhghnéithe de na cuntais agus míneofar go ginearálta inti an toradh don bhliain airgeadais.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil faoi réir iniúchadh seachtrach ag an Iniúchóir Rialtais Áitiúil, a gceanglaítear air/uirthe teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus Tuarascáil Iniúcháir a chur faoi bhráid na Comhairle Contae. Scaipfear cóip den Tuarascáil Iniúcháir sin ar na Comhaltaí den Chomhairle tar éis don choiste iniúcháireachta breithniú a dhéanamh uirthi.

Forbhreathnú Airgeadais

Tugtar forbhreathnú sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2023. Thabhaigh an Chomhairle caiteachas iomlán ab ionann agus €272.14m (gan aistriú chuig tionscadail chaipitil a áireamh) sa bhliain 2023. Sa tábla thíos, cuirtear an caiteachas sa bhliain 2023 i gcomparáid leis an gcaiteachas sa bhliain 2022 ó thaobh ioncaim de agus ó thaobh caipitil de araon. Bhí méadú 20.6% ann ar leibhéal chaiteachais ón mbliain 2022 go dtí an bhliain 2023, rud is féidir a chur síos go príomha do láithreáin Oidhreacht Shionainne ar an gClár a ghlacadh faoinár gcúram agus a oibriú agus do thionscadal caipitil Chrosaire Dhroichead na Sionainne a chur ar aghaidh. Is ionann an leibhéal caiteachais sin agus léiriú ar fhairsinge leanúnach na ngnáthoibríochtaí laethúla agus na forbartha bonneagair a bhí ar bun ag an gComhairle seo ar fud an Chontae sa bhliain 2023.

TÁBLA 1						
Rannán	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2022	Caiteachas Ioncaim Iarbhír 2022	Iomlán 2022	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2023	Caiteachas Ioncaim Iarbhír 2023	Iomlán 2023
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Tithíocht agus Foirgníocht	47,536	26,476	74,011	36,899	31,080	67,979
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	18,194	40,211	58,404	41,457	43,815	85,272
Soláthar Uisce agus Séarachas	1,122	14,120	15,242	927	14,223	15,150
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	13,072	27,300	40,372	28,992	44,351	73,342
Cosaint an Chomhshaoil	2,310	16,272	18,583	942	17,964	18,905
Áineas agus Taitneamhacht	4,210	12,826	17,036	6,084	13,361	19,445
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	3	636	640	348	672	1,020
Seirbhísí Ilghnéitheacha	3,269	13,834	17,102	1,241	10,087	11,328
	89,716	151,674	241,390	116,890	175,551	292,441
Caiteachas Iomlán (Gan Aistriú a Áireamh)	88,232	137,384	225,617	116,163	155,983	272,146

2. Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Tá achoimre ar an ngluaiseacht ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais leagtha amach ar leathanach 26 agus leagtar amach inti an toradh dearfach €0.2m don bhliain de réir gach rannáin seirbhísí.

B'ionann an caiteachas foriomlán in aghaidh buiséid ioncaim sa bhliain 2023 (lena n-áirítear aistrihe) agus €175.6m agus b'ionann ioncam iomlán (lena n-áirítear aistrihe) agus €175.8m, mar atá leagtha amach i nóta 16 a ghabhann leis na cuntais. I nóta 16, cuirtear an toradh iarbhrí don bhliain i gcomparáid leis na buiséid ar ghlac an Chomhairle iad. Is é an nóta sin an bunús don anailís athraithe sa tuarascáil seo.

Is ionann an toradh don bhliain ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais na Comhairle agus an figiúr tar éis an iasacht chorparáideach €0.45m a amúchadh. Tá amúchadh na hiasachta corparáidí tugtha i gcrích anois toisc go bhfuil an iasacht sin aisíochta ina hiomláine.

Is é ioncam ó rátaí tráchtála príomhfhoinsí ioncaim na Comhairle seo laistigh den chuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh seirbhísí a sholáthar. Billeáladh €44.5m agus bailíodh €41.4m ina leith sin sa bhliain 2023. Bhí tionchar suntasach ag an bpaindéim ar bhailiú rátaí, agus cuid mhór tacaí náisiúnta agus áitiúla á soláthar do chustaiméirí le linn na tréimhse sin. Ba í an bhliain 2023 an chéad bhliain nach raibh aon tarscaoileadh rátaí tráchtála inti, agus is an-dearfach an rud é gur tharla sé, in éagmais aon tarscaoileadh, go raibh feidhmíocht bailiúcháin ár gcustaiméirí rátaí tráchtála láidir go fóill agus gur sháraigh sí ionchais. Mar thoradh air sin, tháinig méadú ar an táscaire feidhmíochta go 88%, agus tháinig laghdú €0.4m ar leibhéal na riaráistí a bhí amuigh. Tá na Rátaí Tráchtála iarbhrí a íocadh €3.3m níos mó ná an figiúr a íocadh sa bhliain 2022, agus tháinig méadú €0.64m ar na rátaí iarbhrí a billeáladh. Tá sé sin cothrom le glanhnóthachan €2.6m.

Fuarthas an Leithdháileadh Cánach Maoine Áitiúla don bhliain 2023 ar aon dul leis an leithdháileadh buiséadaithe €7.8m.

Bhí glanioncam ón muirear i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha €0.12m níos mó ná an buiséad don bhliain. Tháinig laghdú suntasach ar an bhfoinsí ioncaim sin i gcomparáid leis na figiúirí do bhlianta roimhe seo, agus leanfaidh an t-ioncam de bheith ag laghdú sna blianta atá le teacht agus ansin scoirfidh sé de bheith ann ar chor ar bith de réir mar a chomhchuimsítear an reachtaíocht isteach sa dliteanas Cánach Maoine Áitiúla.

Chuireamar na dúshlán airgeadais a tháinig as paindéim COVID-19 taobh thiar dinn sa bhliain 2023, agus ba ar ár bhfreagairt do thacú lenár bpobal Cosanta Idirnáisiúnta agus Úcránach a thosaíomar ag díriú. Cé gur aisíoc an rialtas formhór na gcostas a tabhaíodh i leith tacú lenár bpobal Úcránach sa bhliain 2023, b'ámhlaidh a thabhaigh an Chomhairle seo roinnt costas ina leith sin.

Bhí Párolla, Pinsin agus Aiscí ar aon dul leis an mbuiséad, tríd is tríd, agus bhí athraitheas dearfach ab fhiú thart ar €2m i nglantearmaí ann ar fud Ioncaim agus Caipitil araon. Agus é cothrom le níos lú ná 1% de chaiteachas iomlán, níl an figiúr sin ábhartha i gcomhthéacs an chaiteachais fhoriomláin €272m ná i gcomparáid leis an mbuiséad Párolla, Pinsean agus Aiscí €55m. Is féidir an caiteachas a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis a chur síos do na poist fholmha a bhí ann ag aon am ar leith, mar aon le hathraitheas dearfach €0.9m maidir le tuarastail agus pá a fhorchúiteamh ar fud an chláir caipitil.

Cé nár tháinig méaduithe fuinnimh chun cinn ag an leibhéal ar buiséadaíodh dó don bhliain 2023, bhí méaduithe boilscithe le feiceáil ar fud roinnt línte buiséid. Fuarthas €1.9m ón Rialtas sa bhliain 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Cé go raibh an t-ioncam sin níos lú ná an figiúr ar buiséadaíodh dó, is toradh dearfach don Chomhairle é nuair a thógtar é le chéile leis an athraitheas caiteachais. Rinneadh an t-athraitheas dearfach sin a leabú isteach sa phróiseas buiséid don bhliain 2024.

Tá áthas orm toradh dearfach a thuairisciú i bhfianaise na timpeallachta fioscaí, agus léirítear staid chothromaithe, tríd is tríd, sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) don bhliain 2023. Aithníodh glantionchar foriomlán an athraitheas dhearfaigh ina dhiaidh sin agus Buiséad 2024 á ghlacadh. Tháinig an t-athraitheas sin chun cinn ar fud roinnt rannán éagsúil, mar atá leagtha amach i Nóta 16 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil agus mar atá leagtha amach ar bhealach níos mine sa tráchttaireacht thíos.

Léirítear sa tábla seo a leanas na hAistrithe chuig Cúlchistí, lena n-áirítear íocaíocht phríomhshuim na hiasachta ar iasachtaí fadtéarmacha agus an cistiú do thionscadail ar ina leith a thaifeadtar an caiteachas ar an gcuntas caipitil. Tá tuilleadh mionsonraí tugtha freisin mar chuid den anailís athraitheas thíos. Déantar soláthar le Buiséad 2023 do €10.9m a aistriú chuig caiteachas. Nuair a thógtar é sin le chéile leis na soláthairtí buiséadaithe neamhchaite agus le hioncam breise a gineadh go sonrach sa réimse aistrithe, is ionann an figiúr agus thart ar €17m, i gcomparáid leis an bhfigiúr iomlán €23.1m thíos. Sannadh an glan-athraitheas dearfach sin do chaiteachas caipitil neamhchistithe a tabhaíodh nó chun cistiú meaitseála nó cistiú acmhainní dílse a sholáthar do roinnt réimsí inar shainaithin comhaltaí nó sealbhóirí buiséid riachtanas nó gá a bheith leo. Tá na soláthairtí cistiúcháin sin do chaipiteal leagtha amach sa tábla thíos, agus is cuid de nóta 14 agus nóta 16 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil iad.

Tuarascáil ar Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023

Tábla 2					
Aistrithe chuig Cúlchistí agus ó Chúlchistí 2023					
		Iomlán	Iasachtaí agus Léasanna	Cistiú Tionscadal Caipitil	RAS/ Léasú / HAP
		€'000	€'000	€'000	€'000
A	Tithíocht agus Foirgníocht	3,448	749	2,573	125
B	Iompar agus Bonneagar	2,333	303	2,030	-
C	Soláthar Uisce agus Séarachas	528	28	500	-
D	Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	11,386	984	10,401	-
E	Cosaint an Chomhshaoil	1,553	238	1,315	-
F	Áineas agus Taitneamhacht	1,385	485	900	-
G	Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	-	-	-	-
H	Seirbhísí Ilghnéitheacha	558	-	558	-
J	Seirbhísí Tacaíochta	1,933	1,493	440	-
		23,124	4,281	18,717	125

Is leis an ngné príomhshuime d'aisíocaíochtaí iasachta nach aisíocaíochtaí morgáiste a bhaineann an tsuim €4.2m i gColún 2.

Is le tionscadail a chistiú ar an gcuntas caipitil a bhaineann an tsuim €18.7m i gColún 3.

Is ionann an tsuim €0.1m i Rannán A (Colún 4) agus na haistrithe ba ghá a dhéanamh faoi chistiú an Chláir Cúnaimh Tithíochta (HAP) ó dheontais na Scéime um Chóiríocht ar Cíos (RAS) agus ó dheontais Léasaithe agus Tithíochta.

Maidir leis na haistrithe chuig caipiteal, is ionann iad agus aistrithe chun caiteachas a tabhaíodh ar thionscadail chaipitil cheana féin nó a gealladh cheana féin do thionscadail den sórt sin a chistiú. Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na gnéithe dearfacha laistigh de na haistrithe:

- €0.5m i dtreo ciste cothabhála eastát Údaráis Áitiúil, rud atá le riar ag an rannán Tithíochta i ndáil le huasghráduithe ríochta poiblí laistigh d'eastáit tithíochta Údaráis Áitiúil. Tá sé seo sa bhreis ar an tsuim €0.4m a leithdháileadh sa bhliain 2022.
- €0.3m i dtreo Cúnaimh Deontais Tithíochta do dhaoine scothaosta, d'áiseanna soghluaisteachta agus d'oiriúnú tithe. Agus é cothrom leis an ranníocaíocht 20% ón gComhairle, cumasaítear leis an leithdháileadh seo deontais atá sa bhreis ar an bhfigiúr buiséadaithe €1.5m a riar.
- €0.5m i dtreo pleananna agus tionscnaimh um Ghníomhú ar son na hAeráide. Leis an soláthar seo, tacófar le tionscnaimh arna bhforbairt faoin bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus le tionscnaimh eile um ghníomhú ar son na haeráide agus um fhuinneamh arna bhforbairt ag an gComhairle a sholáthar.

- €0.5m mar chistiú meaitseála le haghaidh fógairtí a rinneadh le déanaí maidir le Bonneagar Uisce agus Fuíolluisce Tuaithe agus Bonneagar arna Sholáthar ag Forbróirí a athshlánú.
- €1.7m chun Acmhainní Dílse amach anseo an rannáin Bóithre a fhorlíonadh, mar aon le hiarmhéideanna caipitil neamhchistithe. Cuirtear leis sin trí leithdháileadh €1.5m ón Ranníocaíocht Forbartha le haghaidh oibreacha ríochta poiblí áitiúla nach ndéantar soláthar dóibh i gcúnamh deontais ná sa sceideal oibreacha ceantair bhardsaigh.
- Cistiú breise €1.2m chun an feabhsúchán ar Stoc Tithíochta Foilmhe na Comhairle agus oibreacha Éifeachtúlachta Fuinnimh a chistiú ar bhonn meaitseáilte. Tá an réimse seo ina cheann dúshlánach le blianta beaga anuas, agus níor leor an leithdháileadh rannach €11k in aghaidh an tí chun freastal ar an leibhéal caiteachais ba ghá chun tithe folmha a chur in úsáid arís.
- Aistríodh €0.75m ó Ioncam chuig Caipiteal sa bhliain 2023 chun ceanglais chistiúcháin meaitseála an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach a fhorlíonadh bunaithe ar na fógairtí dearfacha cistiúcháin deontais a rinneadh le blianta beaga anuas.
- €0.6m i dtreo soláthar nua Reiligí Contae agus i dtreo Chothabháil na Reiligí sin araon.
- Aistríodh €0.25m ó Ioncam chuig Caipiteal chun oibreacha ar shaoráidí na Comhairle a chistiú. Rinneadh soláthar den chineál céanna do shaoráidí a uasghrádú sa réimse Spóirt, Taitneamhachta agus Áineasa, ar ina leith a sainathnódh gá le cothabháil foirgneamh.
- €0.1m chun leanúint le ciste a chruthú chun na héadaí cosanta uile a athsholáthar i seirbhísí dóiteáin agus éigeandála.
- €0.65m i dtreo thionscadal Caipitil Leabharlann Inse. Tá an t-aistriú seo á dhéanamh in ionad soláthairtí neamhchaite buiséid i seirbhís leabharlainne Inse a bhaineann go sonrach leis an tionscadal seo.
- €0.4m do Mháistirphleanáil agus do Phleanáil Mhuirí chun deiseanna eacnamaíocha a fhorbairt tuilleadh sa chontae agus amach ón gcósta, laistigh den Inbhear agus amach ó bhord farraige an iarthair.

Táthar ag iarraidh go foirmiúil ar an gComhairle faoi láthair na haistrithe sin a bhfuil glanluach iomlán €23.1m orthu a cheadú le rún.

An tAthraitheas de réir Rannáin

De réir alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, iarrtar ar an gComhairle an caiteachas breise de réir rannáin atá leagtha amach sa tábla thíos agus i Nóta 16 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a cheadú. Meaitseáiltear é sin le hioncam breise a gineadh agus/nó le caiteachas a bhí faoi bhun leibhéal bhuiséid. Mínítear sna míreanna seo a leanas na príomhnithe a bhí taobh thiar den toradh dearfach a baineadh amach i ngach ceann de na Rannáin sa bhliain 2023 agus na cúiseanna leis an gcaiteachas breise. Leithdháiltear caiteachas ar chostais

Tacaíochta Seirbhíse (Rannán J) ar ais ar Rannáin A go H

Tábla 3	
Ceadú faoi alt 104 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001	
Rannán	€
Tithíocht agus Foirgníocht	(2,165,120)
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	(3,248,120)
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	(20,108,605)
Seirbhísí Comhshaoil	(666,897)
Áineas agus Taitneamhacht	(713,312)

➤ **Rannán A – Tithíocht agus Foirgníocht.**

I nglantearmaí, tá an rannán seo ar aon dul leis an mbuiséad don bhliain, agus é cothrom le €0.2m. Fritháirítear an caiteachas €2.2m a tabhaíodh os cionn an bhuiséid le hioncam dearfach €2.4m i gcomparáid leis an mbuiséad. Tá an t-athraitheas dearfach a aithníodh ar roinnt leibhéal imfhálaithe do Sheirbhísí Tithíochta amach anseo. Bhí athraitheas dearfach €0.4m ann ar tháillí iasachta mar gheall ar leibhéal tharraingt anuas na hiasachta cothabhála pleanáilte, bhí ioncam ó chíosanna tithíochta €1.3m níos mó ná na leibhéil bhuiséadaithe sa bhliain 2023, agus bhí an t-ioncam ón Scéim um Chóiríocht ar Cíos a riar agus ó oibríochtaí Léasaithe os cionn an bhuiséid i nglantearmaí. Fritháiríodh iad sin trí chistiú meaitseála a chur i leataobh do bhearta athchóirithe stoic tithíochta foilmhe amach anseo, mar atá leagtha amach thuas, trí €0.3m a sholáthar i dtreo buiséad méadaithe Deontas Tithíochta, agus trí chiste €0.5m a chruthú d'oibreacha ríochta poiblí ar Eastáit Tithíochta údaráis áitiúil. Bhí an caiteachas a tabhaíodh ar dheontais Tithíochta os cionn an bhuiséid i nglantearmaí, ach ba é an rialtas a chistigh 80% den fhigiúr sin. Bhí caiteachas ar chosaintí dlí os cionn an bhuiséid sa rannán seo freisin. Tháinig an t-athraitheas dearfach ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos as an Roinn a bheith ag aithint sheasamh na hearnála maidir le costais riaracháin na Scéime a fhorchúiteamh. Deimhníodh é sin go déanach sa bhliain 2023, agus cuireadh é ar áireamh inár mBuiséad glactha don bhliain 2024. Mar thoradh air sin, fuarthas táillí ab fhiú thart ar €0.4m sa bhliain 2023 i leith an Scéim um Chóiríocht ar Cíos a riar ar feadh tréimhse dhá bhliain. Leis an soláthar €0.3m i dtreo ranníocaíocht na Comhairle i leith Deontais Tithíochta, soláthraítear buiséad breise iomlán €1.5m i dtreo Deontais Tithíochta, mar a luadh níos luaithe.

➤ **Rannán B – Iompar agus Bonneagar.**

Agus é cothrom le €43.8m, tá an Caiteachas Iomlán sa chuntas Ioncaim ar bhóithre don bhliain 2023 €3.2m os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó. Fritháiríodh an caiteachas méadaithe €1.2m ar scéimeanna deontas le hioncam deontais breise. Níor forchúitíodh glanchostas €0.5m os cionn an bhuiséid i leith poist deontais, áfach, agus ba í an Chomhairle seo a d'íoc é. Tabhaíodh caiteachas méadaithe €0.5m freisin ar ár soilse poiblí a chothabháil. Fritháiríodh é sin le caiteachas laghdaithe ar chostais úsáide fuinnimh iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad. B'ionann agus thart ar €0.5m an caiteachas breise os cionn an bhuiséid a tabhaíodh ar ár mbóithre áitiúla agus réigiúnacha. B'ionann agus thart ar €0.4m an caiteachas breise ar chostais dlí. Rinneadh soláthar do na nithe seo a leanas sa rannán seo freisin: €0.25m do chostais amach anseo a bhaineann le Soilsiú Poiblí a dhíchuachadh; €0.6m do sceideal oibreacha ceantair bhardsaigh sa bhliain 2024; agus €1.1m do Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha.

➤ **Rannán C – Seirbhísí Uisce agus Fuíolluisce.**

Bhí an glanchaiteachas agus an glanioncam sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad. Tabhaítear caiteachas ar bhonn gníomhaireachta thar ceann Uisce Éireann, agus forchúitíonn an Chomhairle seo an caiteachas sin ar fad. Tá caiteachas ar sheirbhísí uisce nach seirbhísí Uisce Éireann iad ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad, glan ar ioncam. Maidir leis an athraitheas dearfach ó fhorchúiteamh na gcostas a bhaineann le Grúpscéimeanna a riar agus ó mhuirir iasachta, a tháinig as uainiú tharraingt anuas na n-iasachtaí, fritháiríodh é trí sholáthar €0.5m a dhéanamh do chiste chun an fhógairt dhearfach ón rialtas á rá go gcisteodh sé go páirteach bonneagar Fuíolluisce Tuaithe agus uasghráduithe ar Bhonneagar arna Sholáthar ag Forbróirí a mheaitseáil.

➤ **Rannán D – Bainistíocht Forbartha.**

Tá Glanioncam agus Glanchaiteachas sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad, agus glantoradh diúltach €0.26m ann. Mar sin féin, tá an caiteachas iomlán sa rannán seo €20.1m os cionn an bhuiséid ghlactha, agus tá ioncam €19.8m os cionn an bhuiséid. Cé go bhfuil an t-athraitheas sin ar cheann de na príomhchúiseanna a raibh an caiteachas iomlán a tabhaíodh sa bhliain 2023 os cionn an bhuiséid, tá sé meaitseáilte le hioncam. Rinneadh an buiséad glactha don bhliain 2023 a chur i láthair agus a ghlacadh ar an mbonn nach ndéanfadh Comhairle Contae an Chláir láithreáin Oidhreacht Shionainne ar an gClár a oibriú toisc go raibh an cleachtadh díchill chúí fós ar siúl i mí na Samhna 2022. Rinneadh dul chun cinn dearfach air sin go luath sa bhliain 2023, agus áirítear leis na cuntais atá curtha i láthair anseo gníomhaíocht ocht mí ag láithreáin Oidhreacht Shionainne ar an gClár. Is é sin an chúis leis an athraitheas €13.4m. Ina theannta sin, lean an ghníomhaíocht ag Ionad Cuairteoirí Aillte an Mhothair le téarnamh tar éis na paindéime, agus sháraigh ioncam agus caiteachas oibriúcháin ag an láithreán na leibhéal ar buiséadaíodh dóibh. Osclaíodh Gairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí nuachóirithe Vandeleur sa bhliain 2023. Agus é seo á scríobh, tá an tIonad Cuairteoirí fós mar chuid de láithreán tógála atá ag fanacht le

críochnú an athchóirithe iomláin ar an mbloc stáblaí. Is gnó nuabhunaithe é, agus táthar tar éis é a thabhairt isteach i mórfheachtas margaíochta a bhfuil sainchúram turasóireachta air díolacháin níos airde a ghiniúint sa todhchaí. I gcás oibríochtaí Ghairdín Daingean agus Ionad Cuairteoirí Vandeleur sna blianta 2023 agus 2024, tá fóirdheontas sainaitheanta anois mar fhochuideachta atá faoi lánúinéireacht Chomhairle Contae an Chláir. An fóirdheontas sin, ar fiú suas le €50k do na blianta 2023 agus 2024 é, cisteofar é ón mórphunann turasóireachta agus lorgófar ceadú ina leith mar chuid de rúin an Ráitis Airgeadais Bhliantúil a leagfar faoi bhráid na gcomhaltaí.

Is féidir an t-athraitheas caiteachais sa rannán seo a chur síos don chaiteachas breise a tabhódh os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó ar thionscnaimh thurasóireachta a mheaitseálann an t-ioncam méadaithe. Rinneadh soláthar sa rannán seo do na nithe seo a leanas freisin: Cistiú Meaitseáilte €0.8m i leith an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach agus an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe; cistiú €0.4m do Mháistirphleanáil, lena n-áirítear Pleanáil Mhuirí; cistiú €0.1m do Ghlacadh faoi Chúram; agus cistiú €0.2m do Láithreáin Forbartha. Bhí an caiteachas ar an scéim Deontas Pobail €0.2m os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó agus fritháiríodh é le soláthairtí a rinneadh don bhliain roimhe.

➤ **Rannán E – Seirbhísí Comhshaoil.**

Tá an caiteachas iomlán sa rannán seo €0.7m os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó, agus tá ioncam €0.7m os cionn an bhuiséid. Fágann sé sin go bhfuil staid chothromaithe ann, tríd is tríd. Baineann an caiteachas breise go príomha le cistiú €0.65m a sholáthar le haghaidh Reiligí a shíneadh agus oibreacha caipitil a dhéanamh orthu, le ciste €0.1m a sholáthar le haghaidh éadaí cosanta na seirbhíse dóiteáin a athsholáthar thar thréimhse trí bliana, agus le €0.5m a sholáthar do Bhearta um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cistíodh na soláthairtí sin le caiteachas laghdaithe ar chostais fuinnimh laistigh de Sheirbhísí Bainistíochta Dramhaíola agus Éigeandála, le muirir laghdaithe iasachta ar iasachtaí ar buiséadaíodh dóibh ach nár tarraingíodh faoi dheireadh na bliana agus le coigilteas ar Thuarastail agus Pá.

➤ **Rannán F – Áineas agus Taitneamhacht.**

Tá an t-ioncam foriomlán €0.4m os cionn an bhuiséid, agus tá caiteachas €0.71m os cionn an fhiúir ar buiséadaíodh dó. Tá sé sin cothrom le glanathraitheas €0.3m don bhliain. Bhí ioncam sa Leabharlann agus sna hEalaíona níos airde ná an buiséad, agus deontais bhreise á bhfáil le linn na bliana lena éascaíodh caiteachas breise sa réimse sin. A bhfuil leis an gcoigilteas caiteachais €0.4m ar mhuirir iasachta i Seirbhísí Leabharlainne agus leis an gcoigilteas caiteachais €0.25m ar an tsaoráid leabharlainne a oibriú araon, bhíomar in ann €0.65m a sholáthar do chaipiteal chun freastal ar chostais réamh-mheasta feistithe atá le tabhú mar chuid de thionscadal Leabharlann nua Inse a sholáthar. Tabhódh caiteachas breise €0.26m ar chothabháil tránna agus taitneamhachtaí. Níor buiséadaíodh don chaiteachas sin sa bhliain 2023, ach cuireadh é san áireamh sa bhuiséad glactha don bhliain 2024.

Rinneadh sa rannán seo freisin soláthar €0.25m chun oibreacha éagsúla feabhsúcháin Spóirt, Áineasa agus Taitneamhachta a chistiú ar bhonn meaitseáilte.

➤ **Rannán G – Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas.**

Bhí an glanchaiteachas agus an glanioncam sa rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad.

➤ **Rannán H – Seirbhísí Ilghnéitheacha.**

Is ionann caiteachas sa rannán seo agus athraitheas dearfach €2.9m i gcomparáid leis an mbuiséad. Bhí ioncam €0.8m os cionn an bhuiséid, a fhágann go raibh athraitheas iomlán €3.7m ann. Is féidir an t-ioncam méadaithe a chur síos go príomha do na nithe seo a leanas: athraitheas dearfach aonuaire maidir leis an Iasacht Chorparáideach €0.45m a amúchadh; ioncam €0.12m ón muipear i leith Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha; agus Ús €0.5m ó thaiscí. Fritháiríodh é sin le ranníocaíocht laghdaithe €0.35m i leith méaduithe úsáide Fuinnimh i gcomparáid leis an bhfigiúr ar buiséadaíodh dó. Cuireann an coigilteas ar rátaí do-aisghabhála, ar réadmhaoine folmha agus ar an Scéim Dreasachta Luath-Íocaíochta dá dtagraítear níos luaithe sa tuarascáil seo leis an nglantoradh sa rannán seo, agus is iad an phríomhchúis le toradh dearfach a bhaint amach i gcomparáid leis an mbuiséad. Rinneadh é sin a leabú isteach sa phróiseas buiséid don bhliain 2024. Rinneadh soláthar sa rannán seo don Leithdháileadh Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2023 a choinneáil siar. Rinneadh sa rannán seo freisin soláthar €0.5m don chiste athsholáthair gléasra Innealra chun ceannacháin ghléasra iarbhír nó phleanáilte do chriúna bóithre lasmuigh a chistiú.

➤ **Rannán J – Costais Tacaíochta Seirbhíse.**

Tá an rannán seo ar aon dul, tríd is tríd, leis an mbuiséad. Tá an toradh €0.24m, nó 1%, níos airde ná an buiséad glactha €25.1m. Bhain an caiteachas faoi bhun an bhuiséid le costais fuinnimh i bhfoirgnimh chorparáideacha agus leis an gcaiteachas laghdaithe ar Thuarastail agus Pá. Fritháiríodh é sin le hinfheistíocht i mbonneagar TFC agus i seirbhísí digiteacha, le méaduithe ar rátaí úis ar iasachtaí agus le costais phinsin a bheith os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó. Fritháiríodh na costais Phinsin agus Aiscí a bhí os cionn an fhigiúir ar buiséadaíodh dó le hioncam méadaithe ó ranníocaíochtaí aoisliúntais. Rinneadh soláthar sa rannán seo do €0.25m a infheistiú i gciste chun oibreacha ag láithreacha éagsúla a chistiú. Leithdháiltear costais an rannáin seo ar ais ar rannáin A go H ar aon dul le leithdháiltí costas buiséid.

3. Clár Comhardaithe

Is ionann an Clár Comhardaithe agus ráiteas faoi staid airgeadais na Comhairle amhail an 31 Nollaig 2023, agus léirítear ann go raibh Glansócmhainní dar luach €2.99bn aici. Is ionann Glansócmhainní agus iomlán shócmhainní na Comhairle lúide a cuid dliteanas. Léiríonn luach na

nGlansócmhainní an bonneagar Sócmhainní Seasta, i.e., sócmhainní poiblí i mBóithre, Tithíocht, Talamh, Turasóireacht, etc.

Sócmhainní Seasta

Is ionann glanluach leabhar iomlán na Sócmhainní Seasta sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2023 agus €2.92 billiún, mar atá leagtha amach i Nóta 1 a ghabhann leis an Ráiteas. Sa nóta sin, leagtar na sócmhainní amach de réir catagóire, mar aon leis an ngluaiseacht sa bhliain. Bhí an ghluaiseacht sin cothrom le glanmhéadú €48.4m. Tháinig an méadú sin go príomha as meascán de na breiseanna a fuarthas trí stoc tithíochta údaráis áitiúil a cheannach nó a thógáil agus de shócmhainní a bhí faoi úinéireacht Oidhreacht Shionainne a ghlacadh faoi chúram. Baineann an chuid eile le huasghráduithe innealra agus le ceannacháin talún, lena n-áirítear talamh le haghaidh Ionad Cuairteoirí Aillte an Mhothair a fhorbairt.

Obair idir lámha

Tá obair idir lámha agus réamhchaiteachais curtha i láthair sa chlár comhardaithe mar chaiteachas carnach €91.98m go dtí seo, i gcomparáid le €56.7m sa bhliain 2022. Is ionann é sin agus caiteachas ar thionscadail agus ar scéimeanna atá idir lámha. B'ionann an t-ioncam carnach comhfhreagrach agus €90.74m. Is féidir an t-athraitheas sin i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2022 a chur síos don dul chun cinn a rinneadh ar thionscadal Chrosaire Dhroichead na Sionainne agus do chaiteachas breise €31.5m sa bhliain 2023.

Bainistíocht Cisteáin agus Bailiú Fiach

B'ionann an caipiteal a bhí amuigh ar iasachtaí iníoctha amhail an 31 Nollaig 2023 agus €94.5m (2022: €98.3m). Tá sé sin cothrom le laghdú €3.8m ar an bhfigiúr don bhliain 2022. Tarraingíodh €1.2m eile anuas sa bhliain 2023 mar chistiú meaitseáilte le haghaidh Iasachtaí Morgáiste chun Iasachtaí Morgáiste Tithíochta a réamhíoc, arb iasachtaí iad atá in-fhorchúitithe go hiomlán mar chuid de ghnó Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil.

Tá iomlán na nIasachtaí, atá cothrom le €94.5m, leagtha amach i Nóta 7(a) agus 7(b) a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus cuimsíonn sé iasachtaí tithíochta atá urraithe le morgáistí agus iasachtaí nach Iasachtaí Morgáiste a bhaineann le forbairtí éagsúla bonneagair sa chontae a chistiú. Níor tarraingíodh aon iasachtaí nua nach Iasachtaí Morgáiste sa bhliain 2023.

Tá mionsonraí faoi na Mórbhailiúcháin Ioncaim ar ár bpríomhshruthanna ioncaim agus anailís ar an bhfeidhmíocht maidir le híocaíochtaí custaiméirí don bhliain 2023 ar áireamh in Aguisín 7 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus tá an céatadán a bailíodh le deich mbliana anuas léirithe i dTábla 4 thíos.

Tábla 4


Ioncam Rannach	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Rátaí Tráchtála	75%	82%	84%	86%	87%	87%	87%	87%	87%	88%
Cíosanna Tithíochta	86%	87%	86%	84%	85%	85%	86%	86%	86%	86%
Iasachtaí Tithíochta	62%	58%	60%	66%	69%	74%	78%	78%	80%	88%

- Bhí ioncam ó Rátaí Tráchtála ar an bpríomhfhoinsé ioncaim a bhí ag an gComhairle go fóill, agus ba mhó leibhéil íocaíochtaí custaiméirí ná na leibhéil a chonacthas roimh an bpaindéim. B'ionann an t-airgead tirim iarbhír a bailíodh sa bhliain agus €41.4m (€38.1m sa bhliain 2022; €27.6m sa bhliain 2021). Tugann an méadrach foriomlán bailiúcháin 88% le fios gur éirigh leis an gComhairle seo thart ar €9 de gach €10 a bhí amuigh a bhailiú. Is dearfach an rud é gur tháinig laghdú arís eile ar leibhéal na rátaí tráchtála neamhíochta a bhí á iompar ag deireadh na bliana. Sa tréimhse 2015 go 2023, laghdaíomar fiach neamhbhailithe ó €13.7m go €9.9m. Leanfaidh an Chomhairle seo le tacaíocht a thabhairt do gach custaiméir rátaí tráchtála agus leanfaidh sí le caidreamh a spreagadh lenár mbainisteoirí cuntas rátaí tráchtála chun gur féidir socruithe íocaíochta a chomhaontú i gcás go bhfuil custaiméirí ag déileáil le dúshláin sreabhadh airgid. Is i gcásanna eisceachtúla a dhéantar gníomh forfheidhmiúcháin in éagmais aon chaidreamh ar bith ón áititheoir.
- Tá an céatadán bailiúcháin do Chíosanna Tithíochta gan athrú le cúpla bliain anuas, agus é cothrom le 86%. Mar sin féin, tháinig méadú ar riaráistí arís eile i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain roimhe. Tá foireann cíosa na Comhairle ag déanamh breithniú ar an gcéanna, agus tá sí ag déanamh caidreamh leis na tionóntaí uile atá ar gcúl ina gcuid íocaíochtaí d'fhonn an scéal a réiteach. Chonaic cuid mhór tionóntaí laghdú ar a gcuid riaráistí le 12 mhí anuas. I gcás nach bhfuil custaiméirí ag iarraidh caidreamh a dhéanamh leis an gComhairle seo chun an cíos a ghearrtar ar aonad tithíochta a íoc, téann an Chomhairle ar lorg íocaíochta trí na próisis dlí atá ar fáil dúinn. Is próiseas mall deacair é sin, áfach, agus is annamh a éiríonn leis. Cé go bhfuil sé dúshlánach don fhoireann a shuí cé acu atá nó nach bhfuil teaghlach in ann íocaíocht a dhéanamh sa timpeallacht eacnamaíoch reatha mar gheall ar an méadú ar an gcostas maireachtála, tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuil na leibhéil chíosa a shocraítear bunaithe ar imthosca aonair an teaghlaigh agus go bhfuil ár scéim cíosa don bhliain 2024 deartha chun saincheisteanna costas maireachtála a chur san áireamh.
- Tá feabhsú ag teacht bliain ar bhliain ar a mhéid a bhailítear iasachtaí tithíochta morgáiste. Tá na riaráistí ar aisíocaíochtaí iasachtaí tithíochta cothrom le €0.29m, agus an príomhtháscaire feidhmíochta á mhéadú go 86% dá bharr sin. Léirítear sa tábla thuas go raibh an figiúr sin chomh híseal le 58% sa bhliain 2015.

4. Cuntas Caipitil

Tá an ghníomhaíocht ar an gCuntas Caipitil don bhliain 2023 mionsonraithe i Nóta 11, in Aguisín 5 agus in Aguisín 6 a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo. Is ionann an caiteachas €116.9m sin agus an ghné de phleanáil, dearadh agus soláthar tionscadal ilbhliantúil don bhliain 2023. Tá sé sainaitheanta freisin laistigh díobh seo a leanas: Sócmhainní Seasta (Nóta 1); Obair idir Lámha (Nóta 3); agus Iarmhéideanna Eile (Nóta 10) sa chlár comhardaithe. Áirítear leis an ioncam atá tuairiscithe cistiú deontais a bhí dlite do Chomhairle Contae an Chláir i leith scéimeanna éagsúla deontas amhail an 31 Nollaig 2023.

Mar atá leagtha amach in Aguisín 6, b'ionann caiteachas don bhliain, lenar áiríodh aistrithe chuig ioncam, agus €116.9m. Tá sé sin cothrom le méadú 30% ar chaiteachas sa bhliain 2022. Is é seo an chéad bhliain ar taifead inar mhó caiteachas ar thionscadail chaipitil a sholáthar ná €100m. Léirítear sa ghráf thíos i dtábla 5 na méaduithe a tháinig ar chaiteachas ó €29.6m sa bhliain 2016.



Tá Tithíocht, Bóithre agus Iompar freagrach as thart ar 67% den chaiteachas sin. B'ionann ioncam iomlán, gan aistrithe ioncaim a áireamh, agus €104.6m, agus é comhdhéanta d'ioncam deontais, d'ioncam iasachta, agus d'ioncam ilghnéitheach eile a chuimsíonn ranníocaíochtaí forbartha den chuid is mó.

B'airde ioncam ná caiteachas sa bhliain 2023 nuair a choigeartaítear an figiúr chun aird a thabhairt ar aistrithe a rinneadh ón gcuntas ioncaim chun cistiú a shannadh do thionscadail atá idir lámha. Leantar le héadálacha réadmhaoine a iompar mar iarmhéideanna neamhchistithe, agus is trí aistrithe tionscadail agus trí mhaoiniú iasachta amach anseo atáthar ag tabhairt aghaidh ar sholáthairtí buiséid chun na héadálacha sin a chistiú in éagmais cistiú deontais. Bhí an staid deiridh ar an gcuntas caipitil fós láidir ag deireadh na bliana 2023 in ainneoin na dtionscadal neamhchistithe dá dtagraítear thuas.

Rud atá ailínithe go díreach leis sin is ea leibhéal na bhFéichiúnaithe a bhí á iompar ag an gComhairle seo do thionscadail sa réimse seo amhail an 31 Nollaig 2023. Bhí thart ar €17m dlite don Chomhairle ón rialtas láir do thionscadail chaipitil, agus iad ag baint go príomha le forbairtí Caipitil Tithíochta. Is ábhar imní é go mbíonn an Chomhairle ag iompar an leibhéil cistiúcháin tionscadail sin ar bhonn leanúnach.

Leagtar amach sa tábla thíos an ghníomhaíocht de réir rannáin san am atá thart.

Tábla 6

Clárghrúpa	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2016	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2017	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2018	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2019	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2020	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2021	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2022	Caiteachas Caipitil Iarbhír 2023
	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000	€'000
Tithíocht agus Foirgníocht	11,838	20,498	26,376	27,572	28,910	35,569	47,536	36,899
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	10,614	8,292	8,546	15,459	18,837	17,424	18,194	41,457
Soláthar Uisce agus Séarachas	537	643	945	293	728	1,335	1,122	927
Dreasachtaí agus Rialuithe Forbartha	3,413	2,746	2,625	3,594	6,352	12,365	13,072	28,992
Cosaint an Chomhshaoil	339	1,285	1,456	634	1,636	1,821	2,310	942
Áineas agus Taitneamhacht	1,188	1,420	2,269	2,413	2,831	6,480	4,210	6,084
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	32	47	131	237	220	435	3	348
Seirbhísí Ilghnéitheacha	1,613	1,143	1,370	5,640	3,059	2,784	3,269	1,241
	29,574	36,073	43,718	55,842	62,575	78,214	89,716	116,890

Leis an Ráiteas Airgeadais Bliantúil seo, déantar socrú freisin do Bhilleáil, Bailiú agus Leithdháileadh Ranníocaíochtaí Forbartha sa chuntas caipitil. Sa bhliain 2023, tugadh leithdháileadh i leith Leabharlann Inse agus i leith Oibreacha Ríochta Poiblí agus leithdháileadh cistiú do thionscadail éagsúla bóithre agus cosán ar fud an Chontae. Tugadh an tarscaoileadh i leith Ranníocaíochtaí Forbartha isteach sa bhliain 2023 freisin. Fuarthas €1.7m ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht sa bhliain 2023.


Buíochas

Leis an bhforbhreathnú airgeadais seo, tacaítear leis an dréacht-Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2023. Is dearfach an rud é an toradh €0.2m a baineadh amach. Is toradh cothromaithe é, tríd is tríd, agus léiríonn sé méadú suntasach ar chaiteachas ar oibríochtaí agus ar sholáthar bonneagair araon. Tá an Chomhairle tiomanta do na tionscadail atá leagtha amach sa chlár caipitil ilbhliantúil a sholáthar agus do na spriocanna atá leagtha síos faoi chuspóirí Náisiúnta agus Áitiúla a chomhlíonadh.

Le ciorclán Fin 03/2019, cuirtear dianoibleagáidí ar údaráis áitiúla easnaimh a sheachaint agus cuntais a choinneáil ar comhardú agus gan iasachtaí a fháil ach amháin de réir ceadú ón Aire. Fágann sé sin gur gá do gach sealbhóir buiséid

dlúthfhaireachán a dhéanamh ar leibhéil ioncaim agus chaiteachais, rialuithe inmheánacha a chur chun feidhme, agus coigeartuithe cuí a dhéanamh dá réir sin laistigh den bhliain airgeadais.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don tacaíocht a fhaightear ó na Comhaltaí Tofa, ón Stiúrthóir Airgeadais, ón bhfoireann Airgeadais, ó na Stiúrthóirí Seirbhíse agus óna mbaill foirne i gComhairle Contae an Chláir de réir mar a leanann siad le seirbhísí a sholáthar agus le freagairt d'aon seirbhísí agus éilimh eile a thagann chun cinn.



Pat Dowling
Príomhfheidhmeannach

1 Bealtaine 2024
Dáta

Comhairle Contae an Chláir

Deimhniú an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

- 1.1 Is sinne, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Airgeadais, atá freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú de réir an chóid cleachtais cuntasáochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.
- 1.2 Táimid freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar le cruinneas réasúnach staid airgeadais an údaráis áitiúil agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais a ullmhaítear na ceanglais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Agus na ráitis airgeadais a n-ullmhú againn:
 - luamar gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Cleachtais Cuntasáochta agus gur cuireadh na beartais chuntasáochta i bhfeidhm go comhsheasmhach; agus,
 - rinneamar breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama;
- 1.5 Deimhnímid go bhfuil na ráitis airgeadais ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 26 - 41, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir na gceanglas cuntasáochta arna n-ordú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.



Príomhfheidhmeannach



Stiúrthóir Airgeadais

1 Bealtaine 2024

Dáta

1 Bealtaine 2024

Dáta

Tuairim an Iniúchóra Neamhspleách do na Comhaltaí de Chomhairle Contae an Chláir

Tá iniúchadh déanta agam ar an ráiteas airgeadais bliantúil ó Chomhairle Contae an Chláir don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, mar atá leagtha amach ar leathanaigh 26 go 41, a chuimsíonn an Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, agus na nótaí a ghabhann leis na cuntais agus ar cuid de na cuntais iad. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus an ráiteas á ullmhú ná an Cód Cleachtais agus na Rialacháin Chuntasaíochta arna bhforordú ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Freagrachtaí na Comhairle agus an Iniúchóra Rialtais Áitiúil

De réir alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá an Chomhairle freagrach as gach taifead cuntasaíochta a choimeád, lena n-áirítear an Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú. Bunaithe ar m'iniúchadh, tá sé de fhreagracht orm teacht ar thuairim neamhspleách faoin ráiteas agus mo thuairim a thuairisciú daoibh.

Raon feidhme an iniúchta ar an ráiteas airgeadais

Rinne mé m'iniúchadh de réir an Chóid Cleachtais Iniúchóireachta, mar a fhorordaítear faoi alt 117 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001. Áirítear le hiniúchadh scrúdú a dhéanamh, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise is iomchuí maidir leis na méideanna agus na nochtáí atá sa ráiteas airgeadais bliantúil. Áirítear leis freisin measúnú a dhéanamh ar na meastacháin shuntasacha a rinneadh agus ar na breithiúnais shuntasacha a tugadh agus an ráiteas airgeadais á ullmhú agus ar cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'ímthosca na Comhairle, ar cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar cé acu a nochtadh nó nár nochtadh go leordhóthanach iad. Phleanáil mé m'iniúchadh agus rinne mé é ionas go bhfaighinn an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun leorfhianaise a fháil lena dtabharfaí dearbhú réasúnach go bhfuil an ráiteas airgeadais bliantúil saor ó mhíríteas ábhartha, is cuma cé acu is calaais nó mírialtacht is cúis leis.

Tuairim ar an ráiteas airgeadais

I mo thuairimse, cuirtear staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2023 agus a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin i láthair go cóir sa ráiteas airgeadais bliantúil, a ullmhaíodh de réir an Chóid Cleachtais agus na Rialachán Cuntasaíochta d'údaráis áitiúla.

Tuarascáil Iniúchóra Reachtúil

D'ullmhaigh mé tuarascáil iniúchóra ghaolmhar freisin amhail dá bhforáiltear in alt 120(1)(c) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.



Jo-Anne Greene
Iniúchóir Rialtais Áitiúil
Dáta: 05 Samhain 2024

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Cleachtais Cuntasaíochta maidir le cuntasaíocht údaráis áitiúil arna athbhreithniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an 31 Nollaig 2023. Ní mór neamhchomhlíonadh na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sa Chód a lua sna Beartais agus sna Nótaí a ghabhann leis na Cuntais.

2. Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí (Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí)

Tugadh Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí isteach mar chuid den Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2011. Cé gur leanadh an treoir atá i gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta 7 maidir leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, is mór idir an gnó a sheolann údaráis áitiúla agus é sin a sheolann an chuid is mó d'eagraíochtaí san earnáil phríobháideach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú gur fiúntach agus úsáideach laistigh den earnáil rialtais áitiúil atá na sonraí a thaispeántar. Ar an gcúis sin, gairtear 'Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí' den ráiteas sin. Áirítear leis na cuntais airgeadais anois Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, rud a léirítear i ndiaidh an Ráitis faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 17 - 22 leis an Ráiteas faoi Shreabhadh Cistí, agus léirítear iad sa rannán 'Nótaí a ghabhann leis na Cuntais agus ar cuid de na Cuntais iad' den Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Mionsonraítear i Nóta 19 iarmhéideanna Tionscadail/Neamhthionscadail/Tithíochta Deonaí agus Inacmhainne, ar féidir leo a bheith ina n-iarmhéideanna dochair nó ina n-iarmhéideanna sochair. Sa sreabhadh cistí, déantar talamh slán de gur iarmhéideanna dochair iad sin, agus is air sin a bhunaítear an tuairisc (Méadú)/Laghdú.

3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais ioncaim agus chaipitil ar bhonn fabhruithe de réir an Chóid Cleachtais Cuntasaíochta.

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann féichiúnaithe agus ioncam atá dlite ach nach bhfuil faighte go fóill. Aithnítear ioncam ilghnéitheach sna cuntais bunaithe ar na méideanna a fuarthas le linn na tréimhse. Cé gur tharla sé i mblianta roimhe seo gur aithníodh ioncam ó mhuirir dhóiteáin ar bhonn fáltas amháin, tosaíodh i mbliana ar an ioncam sin a aithint ar bhonn fabhruithe.

An 1 Bealtaine 2023, ghabh Comhairle Contae an Chláir na sócmhainní agus na dliteanais reatha uile a bhaineann le láithreáin Oidhreachta Shionainne uirthi féin ar aon dul leis an gCód Cleachtais Cuntasaíochta.

4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí is iníochta a roinnt ina dhá gcatagóir mar a leanas:

- Iasachtaí morgáiste
- Iasachtaí nach iasachtaí morgáiste

4.1 Iasachtaí Morgáiste

Tá sruth comhfhreagrach ioncaim ó airleacain fhadtéarmacha (i.e., airgead a thugann údaráis áitiúla ar iasacht d'iasachtaithe) chun tithe a cheannach ag gabháil le hiasachtaí morgáiste. Ní dhéantar ach an ghné úis a ghearradh ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais) nó a chur chun sochair dó.

Is ar iasachtaí a thagann faoin gceannteideal seo a bheidh luach comhfhreagrach i Nóta 3 Féichiúnaithe Fadtéarmacha.

4.2 Iasachtaí nach Iasachtaí Morgáiste

Leagtar amach i Nóta 7 a ghabhann leis na cuntais na cineálacha iasachtaí a thagann faoin gceannteideal seo. Ní bheidh sruth comhfhreagrach ioncaim ag gabháil le hiasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais nó le cistiú ioncaim. Is féidir go n-éireoidh maoiniú idirlinne ina chuid de chistiú buan ar deireadh. Is ar iasachtaí a thagann faoi na ceanteidil eile a bheidh luach comhfhreagrach i Nóta 3.

5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí i leith pinsean agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse chuntasaíochta ina dtagann an dliteanas chun cinn. Áirítear leis an gcostas ar thuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí a bhaineann le ranníocaíochtaí pinsin (lena n-áirítear pinsin do Bhaintreacha agus do Dhílleachtaithe) faoin Scéim Aoisliúntais Rialtais Áitiúil agus faoin Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tháinig an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (“an Scéim Aonair”) i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Cé go leanann údaráis áitiúla le ranníocaíochtaí fostaithe i leith na Scéime Aonair a asbhaint, cuirtear iad ar aghaidh go lárnach chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leantar le breithniú a dhéanamh ar cheanglais na gcaighdeán cuntasaíochta reatha a bhaineann le pinsin agus sochair fostaithe agus lena gcur i bhfeidhm i gcás údaráis áitiúla.

6. Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí Eile

Maidir le caiteachas ar sheirbhísí a sholáthraítear nó a chuirtear i gcrích thar ceann údaráis áitiúla eile, forchúitítear é de réir a chostais nó de réir comhaontuithe sonracha.

7. Soláthar in aghaidh Drochfhiach agus Fiacha Amhrasacha

Rinneadh sna cuntais iomchuí soláthar in aghaidh drochfhiach agus fiacha amhrasacha.

8. Sócmhainní Seasta

8.1 Aicmiú Sócmhainní

Aicmítear sócmhainní seasta ina gcatagóirí, mar atá leagtha amach sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). Tá miondealú eile de réir cineál sócmhainne leagtha amach i nóta 1 a ghabhann leis na cuntais.

8.2 Aithint

Is ar bhonn fabhrúithe a chaipitlítear an caiteachas ar fad ar shócmhainní seasta a cheannach nó a thógáil.

An 1 Bealtaine 2023, ghabh Comhairle Contae an Chláir na sócmhainní uile a bhaineann le láithreáin Oidhreacht Shionainne uirthi féin. Glacadh seilbh ar fhoirmhór na sócmhainní sin ar luach a bhí bunaithe ar a luach athchuir árachais.

8.3 Tomhas

Cuireadh Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) ina bhfuil sócmhainní uile an údaráis áitiúil ar áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil den chéad uair sa bhliain 2003. Luacháladh na sócmhainní sin bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Ba de réir costas stairiúil a cuireadh gach sócmhainn a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 i leith ar áireamh. Cuireadh an talamh a aistríodh ó Obair idir Lámha ar áireamh bunaithe ar a luach tráth an aistrithe. Ní thagann aon bhreiseanna sócmhainní seasta as an gcaiteachas a thabhaítear ar chláir chothabhála sócmhainní amhail stoc tithíochta nó cóiriú dromchla agus forleagan i gcás bóithre. Tá beartais chuntasaíochta a bhaineann le léasanna á gcur le chéile faoi láthair, agus léireofar iad sna ráitis airgeadais tráth éigin sa todhchaí.

8.4 Athluacháil

Mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Cuntasaíochta, is é an beartas a ghlactar ná sócmhainní seasta a léiriú de réir a gcostais. Ní chuirtear costais chothabhála agus bhreisithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair ar áireamh i sócmhainní seasta faoi láthair, ach déanfar athbhreithniú air sin tráth éigin sa todhchaí. Mar gheall ar a gcineál fisiciúil, is uathúil d'údaráis áitiúla atá formhór mór na sócmhainní agus níl siad faoi réir diúscartha. Maidir le haon chaillteanas nó aon ghnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha, tugtar cuntas air tráth na diúscartha.

8.5 Diúscairtí

Maidir le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam chun sochair do chúlchiste sonrach agus is gnách go n-úsáidtear é chun sócmhainní nua a cheannach. Tá fáiltas ó thithe údaráis áitiúil a dhíol le húsáid de réir mar a ordaíonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

8.6 Dímheas

Faoin modh reatha cuntasaíochta, déantar an muirear dímheasa a fhritháireamh trí fhoirse cistiúcháin na sócmhainne a amúchadh. Tá tionchar neodrach ag an modh sin ar Ioncam agus Caiteachas. Dá réir sin, ní chuirtear an muirear dímheasa ná an sochar comhfhreagrach ó amúchadh ar áireamh sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais).

Is mar a leanas atá na beartais a chuirtear i bhfeidhm i leith sócmhainní atá faoi réir dímheasa:

Cineál Sócmhainne	Bunús	Ráta Dímheasa
Talamh		Nialas
Tithíocht		Nialas
Foirgnimh		Nialas
Gléasra agus Innealra		
- Fadsaoil	Méid	10%

	Cothrom	
- Gearrshaoil	Méid Cothrom	20%
Ríomhairí, Troscán agus Trealamh	Méid Cothrom	20%
Bóithre agus Bonneagar		Nialas
Sócmhainní Oidhreachta		Nialas
Páirceanna	Méid Cothrom	2%

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas i mbliain na diúscartha, agus gearrfaidh sí dímheas bliana iomláine i mbliain na fála.

9. Deontais Rialtais

Is ar bhonn fabhrúithe a thugtar cuntas ar dheontais rialtais. Cuirtear aon deontais a fhaightear chun gnáthoibríochtaí laethúla a chumhdach chun sochair don Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais). Maidir le deontais a fhaightear i leith sócmhainní a thógáil, léirítear iad mar chuid den ioncam ó obair idir lámha. Aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitlithe tráth chríochnú an tionscadail.

10. Féichiúnaithe agus Ioncam Ranníocaíochtaí Forbartha

Cuirtear féichiúnaithe gearrthéarmacha ranníocaíochtaí forbartha ar áireamh i nóta 5 den Ráiteas Airgeadais Bliantúil. Maidir le hioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil le hóc laistigh den bhliain reatha, iarchuirtear é agus ní nochtar ar leithligh é sna ráitis airgeadais.

11. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáltas ó luathfhuascailt iasachtaí ag iasachtaithe i bhfeidhm i leith iasachtaí morgáiste ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta a fhuascailt.

12. Scéimeanna Léasa

Is ar an Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais) a ghearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin. Cuirtear sócmhainní a fhaightear faoi léas airgeadais ar áireamh i sócmhainní seasta. Maidir leis an méid atá dlite ar iarmhéideanna atá amuigh, léirítear é faoi dhliteanais reatha agus faoi chreidiúnaithe fadtéarmacha.

13. Stoc

Is ar bhonn meánchostais a luacháiltear stoic.

14. Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachas

Is é atá in obair idir lámha agus réamhchaiteachas ná costas stairiúil carntha na dtionscadal éagsúil caipitil. Is mar 'Obair idir Lámha – Ioncam' a léirítear an t-ioncam a fhabhraítear i leith na dtionscadal sin sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe).

15. Leas i gCuideachtaí Údaráis Áitiúil

Liostaítear in Aguisín 8 an leas atá ag Comhairle Contae an Chláir i gcuideachtaí. Léirítear glacadh faoi chúram Oidhreacht Shionainne i Nóta 3 freisin.

16. Páirtithe Gaolmhara

Is é is idirbheart páirtí ghaolmhair ann ná aistriú acmhainní, seirbhísí nó oibleagáidí idir an t-údarás áitiúil agus páirtí gaolmhar. Áirítear iad seo a leanas leis na príomhpáirtithe gaolmhara atá ag údarás áitiúil:

- i. Bainisteoirí agus Pearsanra
- ii. Comhaltaí Comhairle
- iii. Ranna Rialtais
- iv. Cuideachtaí Údaráis Áitiúil

Faoi na hailt iomchuí den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus faoin reachtaíocht leasaitheach ina dhiaidh sin, ceanglaítear ar chomhaltaí comhairle agus príomhphearsanra Údaráis Áitiúil na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- a. an dearbhú bliantúil 'leasanna indearbhairthe' atá leagtha amach in alt 175 den Acht a thabhairt;
- b. aon leasanna tairbhiúla atá acu féin nó ag duine bainteach a nochtadh faoi ailt 167, 178 agus 179; agus
- c. cloí leis an gcód iompair arna eisiúint ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2004 faoi alt 169 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Cumhdaíonn 'leasanna indearbhairthe' leasanna airgeadais agus leasanna áirithe eile, amhail talamh etc., araon.

Is í an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chinneann tuarastal agus luach saothair bainisteoirí agus pearsanra údaráis áitiúil ar aon dul leis an mbeartas rialtais láir maidir le rátaí pá.

Nochtar leasanna Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí agus i gcomhfhiontair in Aguisín 8 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

17. Teagmhais

Is ann do roinnt eastát tithíochta neamhchríochnaithe sa chontae ar féidir go nglacfaidh an Chomhairle faoi chúram iad in am trátha. Is féidir go dtiocfaidh as sin costais a bheidh le hóc ag an gComhairle i gcás nach mbeidh aon pháirtí eile ar fáil chun na hoibreacha is gá a chistiú.

San am i láthair, tá an Chomhairle páirteach in imscrúduithe comhshaoil a bhaineann le diúscairt neamhúdraithe dramhábhar. Tá soláthar déanta sna cuntais seo do na costais a tabhaíodh go dtí seo ina leith sin, agus soláthar déanta freisin do chostais a thabhófar sa todhcháí. Níor comhaontaíodh cineál aon ghníomhartha atá le déanamh de bhun na n-imscrúduithe a rinneadh. Ag brath ar na gníomhartha a bheidh ag teastáil, is féidir go mbeidh sé riachtanach in am trátha tuilleadh soláthairtí a dhéanamh do chostais amach anseo.

Tá an Chomhairle i mbun roinnt gníomhartha dlíthiúla agus rialála a chosaint faoi láthair. Maidir leis an gcostas a bhaineann leis na gníomhartha sin a chosaint, fabhraítear iad chun dul chun cinn na n-imeachtaí go dtí seo a léiriú. Más rud é nach n-éireoidh leis an gComhairle aon cheann de na gníomhartha sin a chosaint, is féidir go dtiocfaidh costais bhreise chun cinn ag brath ar an mbreith ó na cúirteanna nó ó na comhlachtaí rialála i ngach cás ar leith.

18. Cuntas a Thabhairt ar Chaiteachas

Is sa rannán iomchuí – e.g., E15 An tAthrú Aeráide agus Tuile – a thugtar cuntas ar chaiteachas i ndáil le beartas. Is sa réimse ina dtabhaítear an caiteachas – e.g., Tithíocht, Bóithre, etc. – a thugtar cuntas ar chaiteachas oibriúcháin. Tá sé sin ar aon dul leis an gcóras costála Údaráis Áitiúil, áit ar gá na costais uile a bhaineann leis an tseirbhís a léiriú sa chostas iomlán ar sheirbhís nó ar fhosheirbhís.

CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS FAOI IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS FAOIN gCUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Tugtar an t-ioncam agus an caiteachas ar fad a bhaineann le hioncam le chéile sa Ráiteas Cuntais Ioncaim agus Caiteachais.

Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain.

I Nóta 16, leithdháiltear aistrihe de réir an rannáin seirbhísí san fhormaid chéanna agus a dhéantar i dTábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

Caiteachas de réir Rannáin	Nóta	Ollchaiteachas	Ioncam	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
		2023 €	2023 €	2023 €	2022 €
Tithíocht agus Foirgníocht		27,255,122	27,879,624	(624,502)	(613,839)
Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht ar Bhóithre		41,106,542	28,947,310	12,159,233	10,953,073
Seirbhísí Uisce		13,455,492	13,221,526	233,966	62,853
Bainistíocht Forbartha		32,407,138	33,904,917	(1,497,779)	2,511,227
Seirbhísí Comhshaoil		16,123,593	3,020,377	13,103,216	12,431,999
Áineas agus Taitneamhacht		11,891,435	1,641,889	10,249,547	9,451,181
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas		667,923	357,368	310,555	241,381
Seirbhísí Ilghnéitheacha		8,794,100	13,730,209	(4,936,108)	(1,111,223)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	15	151,701,346	122,703,219		
Glanhostas na Rannán a chisteofar ó Rátaí agus ón gCáin Mhaoine Áitiúil				28,998,127	33,926,652
Rátaí				44,497,281	43,851,527
Cáin Mhaoine Áitiúil				7,861,963	7,997,470
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú				23,361,116	17,922,345
Aistrithe ón/(chuig an) gCúlchiste	14			(23,123,816)	(17,716,110)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	16			237,300	206,236
An Cúlchiste Ginearálta ag an 1 Eanáir				3,112,252	2,906,016
An Cúlchiste Ginearálta ag an 31 Nollaig				3,349,552	3,112,252

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

	Nótaí	2023	2022
		€	€
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		605,318,447	561,572,274
Bonneagar		2,263,886,131	2,259,403,773
Pobal		1,105,138	1,105,138
Neamhoibríochtúil		46,868,108	46,698,108
		2,917,177,824	2,868,779,294
Obair idir Lámha agus Réamhchaitheachais	2	91,980,616	56,709,655
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	49,218,724	41,711,908
Sócmhainní Reatha			
Stoc	4	742,230	72,493
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	5	32,889,290	20,813,080
Infheistíochtaí Baine		66,830,373	72,492,127
Airgead Tirim sa Bhanc		11,336,270	10,955,155
Airgead Tirim faoi Bhealach		28,600	28,124
		111,826,764	104,360,979
Dlíteanais Reatha			
Rótharraingt Bhaine		-	-
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	6	60,030,457	61,117,127
Léasanna Airgeadais		-	-
		60,030,457	61,117,127
Glansócmhainní Reatha/(Glandlíteanais Reatha)		51,796,307	43,243,852
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)			
Iasachtaí is Iníochta	7	89,993,886	92,625,705
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí Inaisíochta	8	6,948,536	5,804,089
Eile		22,002,208	14,713,659
		118,944,630	113,143,454
Glansócmhainní/(Glandlíteanais)		2,991,228,842	2,897,301,255
Arna léiriú ag			
Caipitliú	9	2,917,177,824	2,868,779,294
Obair idir Lámha – Ioncam	2	90,736,596	55,590,178
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim		3,349,552	3,112,252
Cúlchistí Sonracha Eile		-	-
Iarmhéideanna Eile	10	(20,035,131)	(30,180,469)
Cúlchistí Iomlána		2,991,228,842	2,897,301,255

RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ (RÁITEAS FAOI SHREABHADH CISTÍ)

AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

		2023	2023
		€	€
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM	Nóta		
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	17		(13,595,317)
GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Torthaí ar Infheistíocht agus Fónamh Maoiniúcháin			
Méadú/(Laghdú) i gCistiú Caipitlithe Sócmhainní Seasta		48,398,531	
Méadú/(Laghdú) in Obair idir Lámha/Réamhchistiú		35,146,418	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchistí	18	4,923,970	
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Fónamh Maoiniúcháin			88,468,918
Caiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais			
(Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Seasta		(48,398,531)	
(Méadú)/Laghdú in Obair idir Lámha/Réamhchistiú		(35,270,961)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	19	2,451,189	
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais			(81,218,303)
Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachtaí agus Léasanna	20	(2,850,087)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú Cúlchistí	21	2,770,179	
Glan-insreabhadh/(Glan-eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí			(79,908)
Sealúchais Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghdú) in Éarlaisí In-aisíoctha			1,144,447
Glanmhéadú/(Glanlaghdú) in Airgead Tirim agus i gCoibhéisí Airgid Thirim	22		(5,280,163)

1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra agus Innealra (Fadsaoil agus Gearrshaoil)	Ríomhairí, Troscán agus Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Líonra Uisce agus Séarachais	Iomlán
	€									
Costais										
Costais Charntha ag an 1 Eanáir	60,844,204	8,913,219	396,240,643	147,917,034	16,205,251	3,902,287	942,138	2,254,828,947	-	2,889,793,724
Breiseanna - a ceannaíodh	2,327,500	-	10,200,534	32,188,925	924,077	-	-	-	-	45,641,035
Breiseanna - Aistriú in Obair idir Lámha	-	-	-	890,000	-	-	-	4,482,358	-	5,372,358
Díúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	(849,874)	(964,297)	-	-	-	-	-	(1,814,171)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costas Stairiúil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Costais Charntha ag an 31/12/2023	63,171,704	8,913,219	405,591,302	180,031,662	17,129,327	3,902,287	942,138	2,259,311,305	-	2,938,992,946
Dímheas										
Dímheas Carntha ag an 1 Eanáir	-	3,847,315	-	-	13,611,969	3,555,146	-	-	-	21,014,430
Soláthar don bhliain	-	137,277	-	-	546,970	116,444	-	-	-	800,691
Díúscairtí/Aistrithe Reachtúla	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Dímheas Carntha ag an 31/12/2023	-	3,984,593	-	-	14,158,938	3,671,590	-	-	-	21,815,121
Glanluach Leabhar ag an 31/12/2023	63,171,704	4,928,626	405,591,302	180,031,662	2,970,389	230,697	942,138	2,259,311,305	-	2,917,177,824
Glanluach Leabhar ag an 31/12/2022	60,844,204	5,065,904	396,240,643	147,917,034	2,593,282	347,141	942,138	2,254,828,947	-	2,868,779,294
Glanluach Leabhar de réir Catagóire										
Oibríochtúil	12,098,270	4,928,626	405,591,302	179,499,162	2,970,389	230,697	-	-	-	605,318,447
Bonneagar	4,574,826	-	-	-	-	-	-	2,259,311,305	-	2,263,886,131
Pobal	163,000	-	-	-	-	-	942,138	-	-	1,105,138
Neamhoibríochtúil	46,335,608	-	-	532,500	-	-	-	-	-	46,868,108
Glanluach Leabhar ag an 31/12/2023	63,171,704	4,928,626	405,591,302	180,031,662	2,970,389	230,697	942,138	2,259,311,305	-	2,917,177,824

2. Obair idir Lámha agus Réamhchaiteachais

Is mar a leanas atá achoimre ar obair idir lámha agus réamhchaiteachais de réir na catagóire sócmhainne:

	Cistithe	Neamh-chistithe	Iomlán	Iomlán
	2023	2023	2023	2022
	€	€	€	€
<u>Caiteachas</u>				
Réamhchaiteachais	16,315,196	1,222,533	17,537,728	42,626,614
Obair idir Lámha	74,442,888	-	74,442,888	14,083,041
Caiteachas Iomlán	90,758,084	1,222,533	91,980,616	56,709,655
<u>Ioncam</u>				
Réamhchaiteachais	16,062,072	290,254	16,352,326	41,413,815
Obair idir Lámha	74,384,270	-	74,384,270	14,176,363
Ioncam Iomlán	90,446,342	290,254	90,736,596	55,590,178
<u>Glanmhéid a Caitheadh</u>				
Obair idir Lámha	58,618	-	58,618	(93,322)
Réamhchaiteachais	253,123	932,279	1,185,402	1,212,799
Glan-róchaiteachas/ (Glan-tearcchaiteachas)	311,742	932,279	1,244,020	1,119,477

3. Féichiúnaithe Fadtéarmacha

Is mar a leanas atá miondealú ar fhéichiúnaithe fadtéarmacha:

	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2022
	Iarmhaid ag an 01/01/2023	Iasachtaí a Eisíodh	Tráthchodanna	Luath-fhuascailtí	Coigeartuithe Eile	Iarmhaid ag an 31/12/2023	Iarmhaid ag an 31/12/2022
	€	€	€	€	€	€	€
Airleacain Mhorgáiste Fadtéarmacha *	14,591,903	1,183,960	(723,960)	(233,463)	(66,332)	14,752,108	14,591,903
Airleacain i leith Ceannach ag Tionóntaí	-	-	-	-	-	-	-
Cothromas ar Cíos i leith Úinéireacht Chomhroinnte	2,357,386	-	-	(142,000)	(33,830)	2,181,557	2,357,386
	16,949,289	1,183,960	(723,960)	(375,463)	(100,162)	16,933,665	16,949,289
Airleacain Iasachta In-fhorchúitithe						10,540,323	12,025,674
Scéimeanna a bhaineann le Tithíocht						22,002,208	14,713,659
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Airgead Tirim						-	-
Infheistíochtaí Fadtéarmacha - Cuideachtaí Comhlachaithe						-	-
Eile						1,248,618	128
						50,724,814	43,688,750
Lúide: An Cion Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 5)						(1,506,090)	(1,976,842)
Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin						49,218,724	41,711,908

* Áirítear leis iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA)

4. Stoic

Is mar a leanas atá achoimre ar stoc:

	2023	2022
	€	€
Stórtha Lárnacha	-	-
Iostaí Eile	742,230	72,493
Iomlán	742,230	72,493

5. Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí

Is mar a leanas atá miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2023	2022
	€	€
Féichiúnaithe Rialtais	25,816,965	14,818,783
Féichiúnaithe Tráchtála	13,113,567	12,130,279
Féichiúnaithe Neamhtráchtála	1,907,429	1,913,395
Féichiúnaithe Ranníocaíochtaí Forbartha	3,183,661	3,104,104
Seirbhísí Eile	840,446	726,208
Údaráis Áitiúla Eile	164,514	130,342
Na Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	-	-
An Cion Reatha d'Fhéichiúnaithe Fadtéarmacha (Nóta 3)	1,506,090	1,976,842
Iomlán na nOllfhéichiúnaithe	46,532,673	34,799,953
Lúide: Soláthar in aghaidh Fiacha Amhrasacha	(14,651,397)	(15,613,116)
Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála	31,881,276	19,186,837
Réamhíocaíochtaí	1,008,014	1,626,243
Iomlán	32,889,290	20,813,080

6. Creidiúnaithe agus Fabhrúithe

Is mar a leanas atá miondealú ar chreidiúnaithe agus fabhrúithe:

	2023	2022
	€	€
Creidiúnaithe Trádála	2,915,232	2,662,403
Deontais	39,246	74,290
Na Coimisinéirí Ioncaim	3,806,595	3,214,651
Údaráis Áitiúla Eile	1,929,052	1,764,678
Creidiúnaithe Eile	156,805	236,574
	8,846,929	7,952,595
Fabhrúithe	26,561,455	13,252,503
Ioncam Iarchurtha	20,151,957	34,257,987
Móide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníochta (Nóta 7)	4,470,116	5,654,043
Iomlán	60,030,457	61,117,127

7. Iasachtaí is Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí is Iníoctha	2023	2023	2023	2023	2022
	HFA €	OPW €	Eile €	Iomlán €	Iomlán €
Iarmhéid Tosaigh	73,303,598	-	24,976,151	98,279,748	83,469,727
Iasachtaí	1,183,960	-	-	1,183,960	20,659,492
Aisíocaíocht na Príomhshuime	(2,213,419)	-	(2,812,140)	(5,025,560)	(5,865,523)
Luathfhuascailtí	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Eile	25,854	-	-	25,854	16,052
	72,299,992	-	22,164,010	94,464,002	98,279,748
Lúide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníoctha				4,470,116	5,654,043
Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin				89,993,886	92,625,705

(b) Cur i bhFeidhm Iasachtaí

Is mar a leanas atá anailís ar iasachtaí is iníoctha:

Morgáiste

Iasachtaí Morgáiste *	15,054,357	-	-	15,054,357	14,523,272
-----------------------	------------	---	---	------------	------------

Iasachtaí nach Iasachtaí Morgáiste

Sócmhainní/Deontais	44,285,721	-	22,164,010	66,449,732	68,770,401
Cistiú Ioncaim	-	-	-	-	449,511
Maoiniú Idirlinne	-	-	-	-	-
In-fhorchúitithe	10,540,323	-	-	10,540,323	12,025,674
Cothromas ar Cíos i leith Úinéireacht Chomhroinnte	2,419,591	-	-	2,419,591	2,510,891
Iarmhéid ag an 31 Nollaig	72,299,992	-	22,164,010	94,464,002	98,279,748

Lúide: An Cion Reatha d'Iasachtaí is Iníoctha				4,470,116	5,654,043
---	--	--	--	-----------	-----------

Méideanna iomlána a bheidh dlite tar éis bliain amháin				89,993,886	92,625,705
---	--	--	--	-------------------	-------------------

* Áirítear leis iasachtaí ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA)

8. Taiscí Inaisíoctha

Is mar a leanas atá an ghluaiseacht in éarlaisí in-aisíoctha:

	2023 €	2022 €
Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir	5,804,089	5,706,542
Éarlaisí a fuarthas	1,420,047	213,083
Éarlaisí a aisíocadh	(275,600)	(115,536)
Iarmhéid Deiridh ag an 31 Nollaig	6,948,536	5,804,089

Tabhair faoi deara: Tá Éarlaisí In-aisíoctha Gearrthéarmacha ar áireamh mar chuid d'Infheistíochtaí Airgid Thirim ar an gClár Comhardaithe

9. Cuntas Caipitlithe

Léirítear sa chuntas caipitlithe go bhfuil cistiú na sócmhainní mar a leanas:

	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2023	2022
	Iarmhéid ag an 01/01/2023	Méid a cheannaíodh	Aistrithe – Obair idir Lámha	Diúscairtí/ Aistrithe Reachtúla	Athluacháil	Coigeartuithe Costas Stairiúil	Iarmhéid ag an 31/12/2023	Iarmhéid ag an 31/12/2022
	€	€	€	€	€	€	€	€
Deontais	501,397,158	10,997,658	-	(386,874)	-	-	512,007,942	501,397,158
Iasachtaí	62,006,701	-	-	-	-	-	62,006,701	62,006,701
Cistithe ag Ioncam	27,699,630	2,629,453	4,482,358	(894,297)	-	-	33,917,144	27,699,630
Léasanna	996,365	-	-	-	-	-	996,365	996,365
Ranníocaíochtaí Forbartha	8,106,012	-	-	-	-	-	8,106,012	8,106,012
Bliantachtaí ó Cheannach ag Tionóntaí	425,053	-	-	-	-	-	425,053	425,053
Neamhchistithe	6,524,637	-	-	-	-	-	6,524,637	6,524,637
Stairiúil	2,230,485,157	32,013,925	890,000	(363,000)	-	-	2,263,026,081	2,230,485,157
Eile	52,153,010	-	-	(170,000)	-	-	51,983,010	52,153,010
Ollchistiú Iomlán	2,889,793,724	45,641,035	5,372,358	(1,814,171)	-	-	2,938,992,946	2,889,793,724
Lúide: An Méid Amúchta							(21,815,121)	(21,014,430)
Iomlán *							2,917,177,824	2,868,779,294

* De réir nóta 1

10. Iarmhéideanna Eile

Is mar a leanas atá miondealú ar iarmhéideanna eile:

		2023	2023	2023	2023	2023	2023	2022
	Nóta	Iarmhéid ag an 01/01/2023 €	* Athaicmiú Caipitil €	Caiteachas €	Ioncam €	Glan-Aistrithe €	Iarmhéid ag an 31/12/2023 €	Iarmhéid ag an 31/12/2022 €
Iarmhéideanna Ranníocaíochtaí Forbartha	(i)	11,972,360	-	1,258,673	4,366,876	(4,664,338)	10,416,226	11,972,360
Iarmhéideanna Cuntais Caipitil, lena n-áirítear Foirmiú agus Breisiú Sócmhainní	(ii)	10,351,595	-	61,982,017	47,573,558	16,915,678	12,858,813	10,351,595
Iarmhéideanna Tithíochta Deonaí agus Inacmhainne								
- Tithíocht Dheonach	(iii)	30,922	-	10,749,380	10,740,083	(21,626)	(2)	30,922
- Tithíocht Inacmhainne	(iii)	76,699	-	18,241	69,833	(76,699)	51,592	76,699
Cúlchistí a Cruthaíodh chun Críocha Sonracha	(iv)	16,607,869	-	243,915	781,867	5,942,153	23,087,973	16,607,869
Glan-Iarmhéideanna Caipitil		39,039,444	-	74,252,227	63,532,217	18,095,168	46,414,603	39,039,444
Cuntais Cláir Comhardaithe a bhaineann leis an bPríomhshuim Iasachta atá amuigh (lena n-áirítear Blianachtaí Neamhréadaithe ó Cheannach ag Tionóntaí)	(v)						(66,449,734)	(69,219,913)
Leas i gCuideachtaí Comhlachaithe	(vi)						-	-
Iomlán na nIarmhéideanna Eile							(20,035,131)	(30,180,469)

* Is léiriú ar an athrú i stádas agus/nó cistiú na n-iarmhéideanna caipitil tosaigh é athaicmiú caipitil.

Nóta (i) Is léiriú é seo ar iarmhéid carnach na dtobhach forbartha, i.e., ioncam lúide caiteachas agus aistrithe go dtí seo.

Nóta (ii) Is léiriú é seo ar an staid charnach ar jabanna caipitil cistithe agus neamchistithe ina bhfuil iarmhéideanna tionscadail (sócmhainní críochnaithe) agus iarmhéideanna neamhthionscadail (breisiú sócmhainní). Teastóidh foinsí cistiúcháin ó iarmhéideanna dochair chun iad a ghlanadh.

Nóta (iii) Is léiriú é seo ar an staid charnach maidir le tionscadail tithíochta deonaí agus inacmhainne.

Nóta (iv) Baineann sé seo le cúlchistí agus réamhchistiú le haghaidh sócmhainní Údaráis Áitiúil, dliteanais árachais agus cuspóirí eile agus áirítear leis blianachtaí réadaithe ó cheannach ag tionóntaí.

Nóta (v) Iarmhéideanna a bhaineann le hiasachtaí, lena n-áirítear an príomhshuim amuigh ar léasanna agus ar iasachtaí nach iasachtaí morgáiste atá le cistiú fós, an bhearna stairiúil i gcistiú morgáistí, an príomhshuim neamhréadaithe ar bhlianachtaí ó cheannach ag tionóntaí atá le haisiúc sa todhchaí agus cothromas ar cíos i leith úinéireacht chomhroinnte.

Nóta (vi) Is léiriú é seo ar leas an Údaráis Áitiúil i gcuideachtaí comhlachaithe.

11. Anailís ar an gCuntas Caipitil

Imdhealaíodh an cuntas caipitil agus tá sé comhdhéanta de na cuntais seo a leanas sa chlár comhardaithe:

	2023	2022
	€	€
Glanmhéid i leith Obair idir Lámha agus Réamhchaitheachais (Nóta 2)	(1,244,020)	(1,119,477)
Iarmhéideanna Caipitil (Nóta 10)	46,414,603	39,039,444
Barrachas/(Easnamh) Iarmhéid Caipitil ag an 31 Nollaig	45,170,582	37,919,967

Is mar a leanas atá achoimre ar na hathruithe sa Chuntas Caipitil (féach Aguisín 6):

Iarmhéid Tosaigh ag an 1 Eanáir	37,919,967	28,738,477
Caiteachas	116,163,477	88,232,346
Ioncam		
- Deontais	89,562,150	71,047,092
- Iasachtaí	7,501,795	7,881,683
- Eile	7,507,715	5,678,526
Ioncam Iomlán	104,571,660	84,607,301
Aistrithe Glanioncain	18,842,432	12,806,534
Iarmhéid Deiridh	45,170,582	37,919,967

12. Staid Cistiúcháin Iasachtaí Morgáiste

Is mar a leanas atá an staid cistiúcháin iasachtaí morgáiste ar an gclár comhardaithe ag deireadh na bliana:

	2023	2023	2023	2022
	€	€	€	€
	Blianacht Iasachta	Cothromas ar Cíos	Iomlán	Iomlán
Iasachtaí Morgáiste/Cothromas is Infhaighte (Nóta 3)	14,752,108	2,181,557	16,933,665	16,949,289
Iasachtaí Morgáiste/Cothromas is Infóicta (Nóta 7)	(15,054,357)	(2,419,591)	(17,473,948)	(17,034,163)
Barrachas/(Easnamh) i gCistiú ag an 31 Nollaig	(302,249)	(238,034)	(540,283)	(84,873)

TABHAIR FAOI DEARA: Airgead Tirim ar Láimh a bhaineann le Fuascailtí agus le hAthiasachtú

-

13. Achoimre ar an gCuntas Gléasra agus Ábhar

Is mar a leanas atá achoimre ar oibríochtaí an chuntais Gléasra agus Ábhar:

	Gléasra	Ábhair	Iomlán	Iomlán
	2023	2023	2023	2022
	€	€	€	€
Caiteachas	(2,558,462)	-	(2,558,462)	(2,501,476)
Muirearaithe ar Jabanna	2,500,756	-	2,500,756	2,367,981
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	(57,706)	-	(57,706)	(133,495)
